

**Ionramháil teanga sa stát agus sa
Ghaeltacht: srianta agus deiseanna
sa *limistéar sábháilteachta***

Tadhg Ó hIfearnáin

tadhg.ohifearnain@oegaillimh.ie

Ábhar na cainte

Machnamh ar:

- Nádúr an stáit agus ionramháil na teanga (*beartas, níosmhaireacht, idé-eolaíochtaí agus bainistíocht teanga*)
- Nádúr na gníomhaireachta teanga agus ról an duine aonair



Joshua Fishman

Shikl, vos h'ostu haynt 'ufgeton far yidish?

A Shikl, cad é a rinne tusa inniu ar son na Giúdaise?

Ag labhairt dó an oíche roimh an gComhdháil do Theangeolaíocht na Gaeilge, 13 Aibreán 2000:

Cuireadh ceist: Níor labhair tú ach faoin nGiúdais. Cén fáth nár labhair tú faoin nGaeilge agus tú in Éirinn, agus tú ag comhdháil faoin nGaeilge?

Joshua Fishman: *Is faoin nGaeilge a bhí mo chuid cainte uile*

Gabhaim buíochas le David Fishman, mac le Joshua (Shikl) as seanchas an teaghlaigh a phlé agus a roinnt liom

An comhthéacs comhaimseartha

(ó na 1980aidí i leith)

Is iomaí slí éagsúil le cur síos ar an staid ina bhfuil an domhan (forbartha) faoi láthair

- *Nua-aimsearthacht dhéanach liobrálach*
- *An caipitleachas déanach*
- *An fordhomhandú*
- *An tsárilíocht*

Iarrachtaí teoiriciúla atá iontu le hord agus eagar a chur ar an tuiscint atá againn ar an dóigh a bhfuil an saol comhaimseartha

Tréithe idirnáisiúnta sna beartais stáit i leith teangacha mionlaithe faoi láthair

- Cearta *an duine aonair* chun teanga mionlaithe a labhairt le hinstitiúidí (stáit/idirnáisiúnta)
- Maoiniú poiblí: *soláthar áirithe* sa scolaíocht, sna meáin chraolta, deontais le haghaidh gníomhaíochtaí cultúrtha
- Dioscúrsa: an stát/na húdaráis ina n-éascaitheoirí agus ina n-eagrais mhonatóireachta, ag freastal ar éileamh ar sheirbhísí (éileamh a mhaítear go minic nach ann dó), agus lucht labhartha na teanga mionlaithe a bheith freagrach as tionscnaimh agus cothú na teanga s'acu féin

Nua-aimsearthacht dhéanach liobrálach

- Scoláirí ag déanamh imní de na bealaí a nasctar teanga le dúiche faoi leith
- Diúltaítear go minic do dhioscúrsa athbheochana teanga mar gheall ar na srianta a chuireann sé ar an duine
- Ina ionad, ceaptar go bhfuil an fhéiniúlacht theangeolaíochta agus áite solúbtha sreabhach

An domhandú agus an tsárilíocht

- Claonadh i measc go leor saineolaithe acadúla labhairt faoi theangacha mar a bheadh earraí iontu – is le gach duine iad más maith leo iad agus bíonn luach faoi leith acu ar mhargadh an tsaoil. Dá réir sin, ní le daoine ná le háit faoi leith iad.
 - Cuid d'idé-eolaíocht bhunaidh chumhacht na dteangacha is forleithne é sin – teangacha uilíocha, neodracha, forbartha an chultúir idirnáisiúnta atá sa Bhéarla, sa Fhraincis, sa Rúisis *ar leis an domhan iad...* agus ba cheart go mbeadh gach teanga amhlaidh

Pobal na teanga?

- Ina ainneoin sin, is cinnte gur ann do phobail teanga go fóill
- Aithníonn siad iad féin agus aithníonn daoine eile iad de bharr a nósanna difriúla teangeolaíochta
- Is dócha go bhfuil an teorainn idir iad agus daoine eile (agus daoine nua atá ina gcónaí ina measc) níos scaoilte mar gheall ar an institiúidiú agus an domhandú, ach is ann do na teorainneacha mar sin féin

Cumhacht an stáit le gníomhú


- Is cinnte go bhfuil nádúr údaráis an stáit athraithe
Samplaí de bheartais ó 1920aidí-1950aidí nach dtiocfadh leis an stát iad a dhéanamh anois
 - Sainiú na Gaeltachta; oideachas agus riarachán trí Ghaeilge
 - An Ghaeilge le bheith ina meán teagaisc ar fud na tíre
 - An Caighdeán Oifigiúil (1958)
- Ina ainneoin sin, is dócha go bhfuil an stát níos láithrí i saol an duine ná mar a bhí riamh

Teoiric Zón na Sábháilteachta

Múnla a d'fhorbair K. Tsianina Lomawaima agus Teresa McCarty leis na paradacsaí i mbeartais na Stát Aontaithe i leith theangacha agus chultúir na bpobal dúchasach a thuiscint

“If we assume a federal commitment to eradicate Indigenous languages as articulated in over two centuries of federal Indian policy... how do we explain the federally-sponsored development of Native-language textbooks during the 1940s? How do the 1975 Indian Self-Determination and Education Assistance Act and the 1990 & 1992 Native Languages Acts square with the English-only requirements of the No Child Left Behind Act of 2001?”


Tuile agus trá dhearcadh agus ghníomhú an stáit: maide luascadáin an bheartais teanga



Luascadán na polaitíochta teanga?

- **Tuairisc:** Beartais a théann in aghaidh a chéile, ar luascadh ó chosc go srianadh go cur suas le difríochtaí go dtí teanga a chothú agus ansin ar ais sa treo eile
- **Míniú:** Tá an t-ascalú agus an síorathrú tríd an am ina bhfianaise ar an difear a aithníonn na húdaráis idir grúpa faoi leith daoine agus an tromlach – agus an bhagairt nó an mhaith a dhéanann an difear sin don saol mór, dar le lucht ceannais an stáit

Zón
Sábháilteachta
an Stáit



Ionramháil Teanga

- Glactar leis an difríocht teanga (riachtanais oideachais faoi leith, mar shampla) agus ceadaítear an teanga a chur chun cinn, mura gcuireann an difríocht sin *zón sábháilteachta* idé-eolaíoch an tromlaigh i mbaol
- Comhghéilleadh idir an ionramháil agus an gníomhaíochas
 - Cuireann srianta an *zón sábháilteachta* (deacadh an tromlaigh, dioscúrsa faoi theangacha, gan aon chuid den phobal a bheith difriúil...) srian ar leasuithe/athruithe ar eagla go mbogfadh an ionramháil isteach sa *zón contúirteach*
 - Mura dtig le ghníomhaithe teanga múnla pholaitíocht teanga an stáit a athrú, caithfidh ceannas a ghlacadh ar an *zón sábháilteachta* agus é a leathnú

Difríochtaí incheadaithe

- Ceann de na paradacsaí bunaidh in Éirinn:
 - Ag plé le muintir na Gaeltachta (agus pobal na Gaeilge) amhail is gur pobal cultúrtha faoi leith iad
 - Ag an am céanna, ag diúltú glacadh leis go bhfuil difríochtaí idir na pobail Ghaeltachta agus an chuid eile de phobal na hÉireann
- An bhfuil an Ghaeltacht agus pobail na Gaeltachta difriúil?
- An bhfuil cainteoirí Gaeilge (dúchais nó eile) díreach cosúil le saoránaigh ar bith eile ach go bhfuil scil bhreise teanga acu?

Difear tábhachtach

- Fiú sna ceantair is laige Gaeilge sa Ghaeltacht, tá níos mó Gaeilge sa phobal ná mar atá sa chuid eile den tír
- Sampla na dteaghlach a thógann a gcuid páistí le Gaeilge

Líon na dteaghlach a labhraíonn Gaeilge go rialta sa bhaile

	Sa Ghaeltacht	Lasmuigh den Ghaeltacht	Líon iomlán
Dún na nGall	520	194	714
Maigh Eo	51	104	155
Contae na Gaillimhe	842	163	1,005
Cathair na Gaillimhe	40	88	128
An Mhí	37	196	233
Ciarraí	161	102	263
Corcaigh	85	406	491
Port Láirge	60	106	166
<i>An Stát</i>	1,796	4,458	6,254

Teaghlaigh ina bhfuil ar a laghad duine fásta amháin agus páiste amháin a labhraíonn Gaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais. Foinse: ríomh speisialta ó Dhaonáireamh 2016 (Seoighe, Smith-Christmas, Ó hIfearnáin 2021)

Corcaigh

- Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an Ghaeilge níos láidre lasmuigh den Ghaeltacht (406 teaghlach) ná mar atá istigh (85 theaghlach)...
- Plean Teanga Mhúscaí (2017):
 - 26 theaghlach (+) a bhfuil páistí scoile acu a labhraíonn Gaeilge mar phríomhtheanga sa bhaile
 - Tá seasmhachas áirithe ann: Is ionann an líon sin, a bheag nó a mhór, agus líon na dteaghlach a fuair an deontas iomlán faoi Scéim Labhairt na Gaeilge gach bliain 1993-2005

Comhthéacs

- Beagnach 900 cainteoir laethúil eile sa cheantar
- Teaghlaigh a labhraíonn Gaeilge nach bhfuil páistí acu, nó nach bhfuil páistí in aois scoile sa bhaile acu
- Gaolta/daoine muinteartha/cairde teaghlaigh a bhfuil Gaeilge acu
- Institiúidiú: mar shampla, an scolaíocht Ghaeilge
- Go leor de na cainteoirí rialta ag obair go gairmiúil le Gaeilge

Gníomhachas teanga sa Ghaeltacht

- Rogha ghníomhach (más ciúin féin a dhéantar an rogha) atá i nGaeilge a thabhairt don chéad ghlúin eile – Cinneadh dearfach a ghlacann tuismitheoirí *agus* an comhlúadar s'acu
- Meath in úsáid na teanga sa phobal i measc na ndaoine nach bhfuil gníomhach
- Dúshlán faoi leith: Is minic a mhothaíonn cainteoirí gníomhacha go bhfuil an pobal áitiúil níos tábhachtaí ná an gnás teanga s'acu féin, agus imní orthu faoi dheighilt a chruthú dá réir

Leanúint leis an ngníomhaíochas

- Leanúnachas ó ghlúin go glúin sna teaghlaigh atá tiomanta don Ghaeilge
- Pobal taobh istigh den phobal iad na cainteoirí rialta, a chuireann luach ar a ról sa phobal céanna sin
- Ní mór díriú ar riachtanais na gcainteoirí rialta Gaeilge agus ar an gcuid eile den chomharsanacht, ar chuid den phobal teanga chéanna iad
- Nílimid linn féin: Comhthéacs idirnáisiúnta chumhacht an Bhéarla San Íoslainn – Béarla ag páistí óga: Elin Thordardottir (2021), Ingibjörg Bára Sveinsdóttir (2015), Hanna Ragnarsdóttir (2019)

Shikl, vos h'ostu haynt 'ufgeton far yidish?

A Shikl, cad é a rinne tusa inniu ar son na Giúdaise?

- Freagrachas breise ar chainteoirí teanga atá mionlaithe
- Freagrachas pearsanta a léiríonn cainteoirí rialta Gaeilge sa Ghaeltacht
- Tá freagrachas pearsanta ar gach duine beag beann ar a chumas (Plean Teanga Chois Fharráige)
- Ní féidir le gníomhairí an stáit séanadh go bhfuil freagrachas orthusan chomh maith – ach caithfear na srianta a scaoileadh

Saothair a luadh le linn na cainte

Lomawaima, K.T. 2003. Educating Native Americans. *Handbook of Research on Multicultural Education* (2nd edition), J. Banks (ed.). New York: Jossey-Bass, 441-446.

Lomawaima, K.T. 2002. American Indian education. *By Indians vs. for Indians. A Companion to American Indian History*, P. Deloria & N. Salisbury (eds.) Malden, MA: Blackwell, 422-440.

Lomawaima, K.T. 2000. Tribal sovereigns. Reframing research in American Indian education. *Harvard Educational Review* 70 (1), 1-21.

Lomawaima, K.T. & T.L. McCarty 2006. *'To Remain an Indian': Lessons in Democracy from a Century of Native American Education*. New York: Teachers College Press.

Lomawaima, K.T. & T.L. McCarty 2002. When tribal sovereignty challenges democracy: American Indian education and the democratic ideal. *American Educational Research Journal* 39 (2), 279-305.

McCarty, T.L. 2013 *Language Planning and Policy in Native America. History, Theory, Praxis*. Bristol: Multilingual Matters.

Ragnarsdóttir, H. 2019. Perspectives on bi- and multilingual children's participation in kindergartens in Iceland. *AILA Review* 32, 138-159.

Seoighe, S., C. Smith-Christmas & T. Ó hlfearnáin 2021. *Teaghlaiġ atá ag tógáil clainne le Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht*. Tuarascáil taighde arna choimisiúnú ag Glór na nGael.

Sveinsdóttir, I.B. 2015. Íslensk börn kunna heiti hluta á ensku en ekki íslensku. Fréttablaðið.
<https://www.visir.is/g/2015704169915/islensk-born-kunna-heiti-hluta-a-ensku-en-ekki-islensku>

Thordardottir, E. 2021. National language in a globalised world: are L1 and L2 adolescents in Iceland more interested in learning English than Icelandic? *Journal of Multilingual and Multicultural Development*. DOI: [10.1080/01434632.2021.1879090](https://doi.org/10.1080/01434632.2021.1879090)